



2025/2016

9.10.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2016 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Deireadh Fómhair 2025

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) ⁽¹⁾, agus go háirithe, Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 15(1), an dara fhomhír, agus Airteagal 31(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sna leaganacha Gearmáinise, Ollainnise agus Slóivéinise d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾, tá earráidí i gCaibidil II, Roinn 4, Cuid I, pointe B(1.2), an fhocláíocht réamhráiteach, agus pointe B(1.4), an fhocláíocht réamhráiteach, a mhéid a bhaineann leis na cóireálacha nach mór a dhéanamh ar bhainne. Leis na hearráidí, déantar brí na bhforálacha sin a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Gearmáinise, Ollainnise agus Slóivéinise de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.
- (3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe, arna seachadadh sular glacadh Rialachán (AE) Uimh. 142/2011,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

⁽¹⁾ IO L 300, 14.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1069/oj>.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/142/oj>).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN
